C/2026/4995

13.10.2026

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2026/4995)

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

'Haut-Poitou'

Uimhir thagartha AE: PDO-FR-A0726-AM02 — 7.7.2026

1. **Ainm an táirge**

'Haut-Poitou'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

3. **Earnáil**

☐ Táirgí talmhaíochta

☑ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **An tír ar léi an limistéar geografach**

an Fhrainc

5. **Údarás an Bhallstáit a bhfuil an leasú caighdeánach á chur in iúl aige**

Ainm

An Aireacht Talmhaíochta agus Bhiafhlaithis, Ard-Stiúrthóireacht Fheidhmíocht Eacnamaíoch agus Chomhshaoil na bhFiontar

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Measann údaráis na Fraince go gcomhlíonann an t-iarratas ceanglais Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013 agus (AE) 2024/1143.

Is leasuithe caighdeánacha iad na leasuithe ar an tsonraíocht táirge sin mar a shainmhínítear in Airteagal 24(4) de Rialachán (AE) 2024/1143.

Ní bhaineann an t-iarratas ar leasú ar an ATFC 'Haut-Poitou' le haon cheann de na trí chás ar leasú ar leibhéal an Aontais iad. Go sonrach:

(a) níl i gceist leis athrú ar an ainm ná ar úsáid an ainm, ná ar na táirgí nó ar na catagóirí táirgí arna n-ainmniú leis an tásc geografach;

(b) níl an baol ann dá dheasca go gcuirfí an nasc leis an limistéar geografach ar neamhní;

(c) níl srianta breise ar mhargú an táirge i gceist leo.

Dá bhrí sin, measann údaráis na Fraince gur iarratas ar leasú caighdeánach an t-iarratas.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

Teideal

Ainmneacha geografacha

Tuairisc

Chinn an grúpa táirgeoirí le haghaidh an ATFC aonad geografach níos leithne a úsáid chun na fíonta a ainmniú, is é sin an téarma 'Vin de Loire' (Fíon an Loire) a úsáid in ionad 'Val de Loire' (Gleann an Loire).

Leanann an fhorbairt sin na treoirlínte cumarsáide a ghlac táirgeoirí fhíonta Loire.

Is é an aidhm atá ann an chéannacht a dhéanamh níos soiléire agus í a ailíniú níos dlúithe leis na fíorfhíonta a dhéanann táirgeoirí in abhantrach an Loire.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Limistéar geografach agus limistéar díreach in aice láimhe

Tuairisc

Tugadh an tagairt don Chód Geografach Oifigiúil cothrom le dáta a mhéid a bhaineann le liosta na mbardas sa limistéar geografach agus sa limistéar atá díreach in aice láimhe agus ainmneacha bardas áirithe.

Níl aon athrú ar theorainneacha na limistéar lena mbaineann.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Cineálacha fíniúna

Tuairisc

Na rialacha maidir le cion plandaithe a bhaint. Ní dhéanfaidh an leasú sin difear do na fíonta toisc gur coinníodh na rialacha maidir leis na cineálacha a chumasc mar an gcéanna.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Dlús plandaithe

Tuairisc

Laghdú ar an dlús íosta ó 4 200 planda/ha go 4 000 planda/ha agus ar an achar idir fíniúnacha sa tsraith ó 1 m go 0,90 m. Leis sin, iarradh laghdú beag ar dhlús an phlandaithe, aithnítear an úsáid atá á baint faoi láthair as dálaí atá dírithe ar thriomú agus údaraítear an cleachtas sin i ngach fíonghort má éiríonn triomaigh níos minice.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Rialacha maidir le prúnáil

Tuairisc

Leasú a dhéanamh ar na rialacha chun dhá mhodh prúnála a choinneáil (Guyot nó Cordon), an líon bachlóg agus an líon brainsí ar a mbíonn torthaí a mhéadú (dhá bhachlóg níos mó i gcás fíonta geala), agus idirdhealú a dhéanamh idir prúnáil cineálacha fíniúna gile agus cineálacha fíniúna duibhe (a bhfuil dhá bhachlóg níos lú i gceist leo).

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Airde duilliúir

Tuairisc

Airde an duilliúir treilíse i gcás fíniúnacha a ndearnadh prúnáil Guyot orthu a laghdú (ó 0,6 go 0,5 oiread an fhaid idir sraitheanna) agus airde an duilliúir i gcás fíniúnacha tródaim a theorannú. I gcomhthéacs aeráid atá ag téamh, rialaíonn an fhorbairt sin airde duilliúir na bhfíniúnacha tródaim ar bhealach níos fearr agus, i gcás treilíse, fíniúnacha a phrúnáiltear le Guyot, is bealach é chun imghalú a laghdú agus chun an riosca go mbrisfeadh an ghaoth na péacáin fíniúna a laghdú.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Cleachtais saothraithe eile

Tuairisc

An oibleagáid a thabhairt isteach cumhdach fásra a choinneáil ar bun idir na sraitheanna nó fiailí a rialú tríd an ithir a oibriú nó trí luibhicídí bithrialaithe a úsáid.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Uisciú

Tuairisc

Uisciú a údarú le haghaidh an ainmniúcháin seo de mhaolú faoi Airteagal D. 645-5 den Chód um Ghnóthaí Tuaithe, agus córas silte a fhorchur. Tá údar leis an iarraidh sin mar gheall ar thuire limistéar áirithe den réigiún fíonóireachta sin atá suite 50 km ó dheas ón Loire.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Ualach uasta barr in aghaidh na dáileachta talún

Tuairisc

I gcomhréir le húdarú uisciúcháin, tugtar isteach foráil lena gcuirtear srian ar an meánualach uasta in aghaidh na dáileachta talún le haghaidh fíniúnacha uiscithe. Níor athraíodh an t-ualach uasta le haghaidh fíniúnacha neamhuiscithe.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Buain

Tuairisc

Deireadh a chur le forógra na buana. Fágann saineolas na n-oibreoirí gur féidir an srian sin a shárú, ó tharla an faireachán ar aibíocht á threisiú ag na cláir dá bhforáiltear sa tsonraíocht táirge.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Aibíocht fíonchaor

Tuairisc

Na rialacha atá ann faoi láthair a choinneáil ar bun (60 % Cabernet Franc ar a laghad sna fíonta dearga; ar a laghad 40 % Cabernet Franc, 20 % Pinot Noir agus 20 % Gamay san fhíon *rosé*). Tá gá leis an athrú foclaíochta atá beartaithe tar éis scriosadh na rialacha maidir le cion plandaithe, toisc gur thagair an tsonraíocht do na rialacha sin maidir le cineálacha fíniúna.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Caighdeáin anailíseacha

Tuairisc

Deireadh a chur leis an toirmeasc ar ghualach fíonóireachta a úsáid le haghaidh fíonta *rosé* agus leis an toirmeasc ar shliseanna adhmaid a úsáid le haghaidh fíonta geala agus fíonta *rosé*. Méadú ó 12 % go 12,5 % ar neart alcóil iomlán de réir toirte na bhfíonta geala agus na bhfíonta *rosé* tar éis an tsaibhrithe.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Toilleadh fíonlainne

Tuairisc

Laghdú ó 1,4 go 1,2 oiread na meántoirte fíonóireachta. Leis an laghdú sin, a bhfuil údar leis mar gheall ar fhorlámhas na bhfíonta geala a dhéantar go tapa, laghdófar costais infheistíochta d'oibreoirí nua nó dóibh siúd ar mian leo a bhfíonghoirt a leathnú.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

An tréimhse inar féidir leis na fíonta a bheith i gcúrsaíocht idir coimeádaithe údaraithe trádstórais

Tuairisc

Scriosadh - tagairt do na rialacha ginearálta feasta.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Nasc leis an limistéar geografach

Tuairisc

Faisnéis maidir leis an limistéir geografach: na sonraí aeráide a thabhairt cothrom le dáta chun athruithe ar an aeráid agus athscríobh gnéithe stairiúla áirithe a chur san áireamh bunaithe ar obair staraí a dhéanann taighde ar theacht chun cinn réigiún fíonóireachta Haut-Poitou. Treisíonn na soiléirithe sin braistint na n-oibreoirí go bhfuil cuspóir coiteann acu, atá fréamhaithe sa chríoch agus ina stair.

Faisnéis maidir le cáilíocht agus saintréithe an táirge: soiléirithe a thabhairt isteach maidir leis an gcaoi a ndéantar fíonta *rosé* trí bhrú díreach, maothú gearr nó an modh *saignée*. Is é is aidhm don mhéid breise sin deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú don iliomad cleachtas éagsúil a úsáidtear sa réigiún.

Is éard atá san fhaisnéis den chuid is mó nuashonruithe agus athruithe ar an bhfaisnéis stairiúil. Ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Bearta idirthréimhseacha

Tuairisc

Scriosadh na caibidle seo ón tsonraíocht toisc go bhfuil na forálacha uile imithe in éag nó nach bhfuil siad ábhartha a thuilleadh mar thoradh ar athruithe atá beartaithe (cineálacha, dlús).

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Rialacha maidir le cur i láthair agus lipéadú

Tuairisc

Athrú eagarthóireachta chun a shoiléiriú go bhfuil sé roghnach an cineál a léiriú ar na lipéid.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Ceanglais maidir le dearbhú

Tuairisc

Sannadh na ndáileachtaí talún a dhearbhú roimh ré: deireadh a chur le hathnuachan intuigthe agus soiléiriú ar ábhar an dearbhaithe. Tá sé i gceist leis an oibleagáid dearbhú bliantúil a dhéanamh maidir leis na limistéir atá i gceist bunús na gcigireachtaí a shainiú ar bhealach níos soiléire.

Réamhdhearbhú maidir le díol ar an mórchóir: aistriú ó dhearbhú bliantúil sula gcuirtear an chéad bhaisc den bhliain ar an margadh go dearbhú córasach roimh gach díolachán ar an mórchóir. Baineann sé le cigireacht ar na táirgí a eagrú ar bhealach níos fearr.

Dearbhú onnmhairiúcháin: an oibleagáid an grúpa táirgeoirí seachas an comhlacht cigireachta amháin a chur ar an eolas a chur isteach. Léirítear leis an leasú seo freisin an mhian feabhas a chur ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Taifid a choinneáil

Tuairisc

Clár fíona: trí chlár nua a chur in ionad an chláir fíona atá ann cheana (faireachán ar dháileachtaí talún lena mbaineann céatadán de phlandaí easnamhacha, clár saothraithe ina dtaifeadtar cóireálacha, clár faireacháin aibíochta).

Clár an stórais: an clár sin a bhaint, a rinne dúbláil ar oibleagáidí rialála amhail an plean siléir agus an clár láimhseála. Coinnítear gan athrú an clár rianaithe le haghaidh baisceanna a bhfuil sé beartaithe iad a dhíol ar an mórchóir nó a phacáistiú.

Fíonghoirt a chumhdaítear le bearta idirthréimhseacha: deireadh a chur leis an gclár sin, atá imithe i léig anois.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Na príomhphointí atá le seiceáil

Tuairisc

Leasuithe substainteacha agus foirmiúla ar liosta na bpríomhphointí atá le seiceáil, chun díriú níos fearr ar na pointí rialaithe a bhfuil tionchar acu ar shaintréithe an táirge. Is é an aidhm atá ann na pointí fíor-riachtanacha amháin a choinneáil agus aon fhoráil nach bhfuil chomh tábhachtach céanna (plandaí ar iarraidh, airde treilíse, cleachtais saothraithe eile, cleachtais fhíoneolaíocha, pacáistiú) nó forálacha nach bhfuil infheidhme a thuilleadh (cineálacha fíniúna ar an ngabháltas, bearta idirthréimhseacha) a scriosadh. I bhfianaise dhíothú na rialacha maidir leis an gcion cineálacha ar an ngabháltas, cuirtear pointe isteach chun rialú cumasc a neartú.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Tagairtí

Tuairisc

Tugadh sonraí teagmhála na hInstitiúide Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta (*Institut national de l'origine et de la qualité*, INAO) cothrom le dáta.

Leasaíodh an fhoráil maidir le comhlíonadh na sonraíochta a sheiceáil.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha i ndáil leis na fíonta

‘Haut-Poitou’

Uimhir thagartha AE: PDO-FR-A0726-AM02 — 7.7.2026

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

‘Haut-Poitou’

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

3. **An tír ina bhfuil an limistéar geografach sainithe**

an Fhrainc

4. **Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir leis an gceannteideal agus leis an gcód Ainmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143**

2204 – Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

5. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna mar a liostaítear i gCuid II d’Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013**

1. Fíon

6. **Tuairisc ar an bhfíon nó ar na fíonta**

Táirge fíniúna

Fíonta socra geala

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Forchoimeádtar an t-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint ‘Haut-Poitou’ le haghaidh fíonta socra geala.

Dea-bholadh

Is minic a bhíonn dea-bholaithe bláthacha agus torthaíocha ar na fíonta socra geala, dea-bholaithe bláthanna bána, bláthanna buí agus torthaí citris ina measc.

Blas

Bíonn blas úr ar na fíonta socra sin.

Faisnéis bhreise maidir le tréithe orgánaileipteacha

Féadfar iad a tháirgeadh trí úsáid a bhaint as teicnící éagsúla: brú díreach, maothú gearr nó an modh *saignée*.

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	—
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	—
Aigéadacht iomlán íosta:	—
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	—
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	—

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

Bíonn neart alcóil nádúrtha íosta 10,5 % de réir toirte ag na fíonta socra geala seo.

Tar éis an choipthe, bíonn uasmhéid siúcra choipthigh (glúcós agus fruchtós) 3 g/l ag na fíonta geala.

Tar éis an tsaibhrithe, ní sháraíonn an neart alcóil iomlán de réir toirte sna fíonta 12,5 %.

☑ Aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo tá sí laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

Fíonta socra dearga

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Tá na fíonta socra dearga galánta, agus dath orthu ar geal le dath an rúibín é.

Dea-bholadh

Is minic a bhíonn dea-bholaithe caor dearg beag nó silíní *morello* mar shaintréith de na fíonta.

Blas

Bíonn blasanna úra spíosracha orthu.

Faisnéis bhreise maidir le tréithe orgánaileipteacha

—

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	—
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	—
Aigéadacht iomlán íosta:	—
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	—
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	—

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

Tá neart alcóil nádúrtha íosta 11 % de réir toirte ag na fíonta socra.

Déantar coipeadh malalachtach le haghaidh na bhfíonta dearga.

Bíonn méid aigéid mhalaigh nach mó ná 0,4 g/l i bhfíonta dearga atá réidh le cur ar an margadh i mbulc nó pacáistithe.

Tar éis an choipthe, bíonn uasmhéid siúcra choipthigh (glúcós agus fruchtós) 2,5 g/l sna fíonta.

Tar éis an tsaibhrithe, ní sháraíonn an neart alcóil iomlán de réir toirte sna fíonta 12,5 %.

☑ Aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo tá sí laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

Fíonta socra *rosé*

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Forchoimeádtar an t-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Haut-Poitou' le haghaidh fíonta *rosé*.

Dea-bholadh

Bíonn dea-bholaithe saibhre torthaí aibí ar na fíonta socra *rosé*.

Blas

Bíonn na fíonta socra *rosé* éadrom agus bríomhar, gan bheith plúchtach.

Faisnéis bhreise maidir le tréithe orgánaileipteacha

—

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	—
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	—
Aigéadacht iomlán íosta:	—
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	—
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	—

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

Bíonn neart alcóil nádúrtha íosta 10,5 % de réir toirte ag na fíonta socra *rosé*.

Tar éis an choipthe, bíonn uasmhéid siúcra choipthigh (glúcós agus fruchtós) 3 g/l ag na fíonta *rosé*.

Tar éis an tsaibhrithe, ní sháraíonn an neart alcóil iomlán de réir toirte sna fíonta 12,5 %.

☑ Aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo tá sí laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

7. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

7.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha a úsáidtear chun an fíon nó na fíonta a dhéanamh, srianta ábhartha maidir lena ndéanamh*

Cleachtas fíoneolaíoch

Dlús plandaithe

Cineál an chleachtais fhíoneolaíoch

An modh saothraithe

Tuairisc

Is é 4 000 planda in aghaidh an heicteáir dlús plandaithe íosta na bhfíniúnacha. Níor cheart spásáil idir na sraitheanna fíniúna a bheith níos mó ná 2,20 méadar, agus ba cheart spásáil idir plandaí sa tsraith chéanna a bheith 0,90 méadar ar a laghad.

Cleachtas fíoneolaíoch

Rialacha maidir le prúnáil

Cineál an chleachtais fhíoneolaíoch

An modh saothraithe

Tuairisc

Déantar prúnáil Guyot nó prúnáil tródaim ar na fíniúnacha.

Cineálacha geala agus liatha:

— Prúnáil Guyot – Déantar na fíniúnacha a phrúnáil agus 14 bhachlóg ar a mhéad in aghaidh an phlanda i gceist. Féadfar na fíniúnacha a phrúnáil sa chaoi is go mbeidh dhá bhachlóg sa bhreis in aghaidh an phlanda, ar choinníoll nach mbeidh, ag an gcéim fheineolaíoch a chomhfhreagraíonn do 11 duilleog nó do 12 dhuilleog (bachlóga blátha aonair), níos mó ná 14 ghéag ar a bhfuil torthaí don bhliain in aghaidh an phlanda.

— Forálacha ginearálta – déantar na fíniúnacha a phrúnáil agus 16 bhachlóg ar a mhéad in aghaidh an phlanda i gceist. Féadfar na fíniúnacha a phrúnáil sa chaoi is go mbeidh dhá bhachlóg sa bhreis in aghaidh an phlanda, ar choinníoll nach mbeidh, ag an gcéim fheineolaíoch a chomhfhreagraíonn do 11 duilleog nó do 12 dhuilleog (bachlóga blátha aonair), níos mó ná 16 ghéag ar a bhfuil torthaí don bhliain in aghaidh an phlanda.

Cineálacha fíonchaoire duibhe:

— Prúnáil Guyot – Déantar na fíniúnacha a phrúnáil agus 12 bhachlóg ar a mhéad in aghaidh an phlanda i gceist. Féadfar na fíniúnacha a phrúnáil sa chaoi is go mbeidh dhá bhachlóg sa bhreis in aghaidh an phlanda, ar choinníoll nach mbeidh, ag an gcéim fheineolaíoch a chomhfhreagraíonn do 11 duilleog nó do 12 dhuilleog (bachlóga blátha aonair), níos mó ná 12 ghéag ar a bhfuil torthaí don bhliain in aghaidh an phlanda.

— Forálacha ginearálta – déantar na fíniúnacha a phrúnáil agus 14 bhachlóg ar a mhéad in aghaidh an phlanda i gceist. Féadfar na fíniúnacha a phrúnáil sa chaoi is go mbeidh dhá bhachlóg sa bhreis in aghaidh an phlanda, ar choinníoll nach mbeidh, ag an gcéim fheineolaíoch a chomhfhreagraíonn do 11 duilleog nó do 12 dhuilleog (bachlóga blátha aonair), níos mó ná 14 ghéag ar a bhfuil torthaí don bhliain in aghaidh an phlanda.

Cleachtas fíoneolaíoch

Saibhriú

Cineál an chleachtais fhíoneolaíoch

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Tuairisc

Ceadaítear teicnící laghdúcháin chun fíonta dearga a shaibhriú, agus tá an ráta uasta maidir le tiúchan pháirteach socraithe ag 10 % i ndáil leis na toirteanna a úsáidtear. Tar éis an tsaibhrithe, ní bhíonn neart alcóil iomlán de réir toirte na bhfíonta níos mó ná 12,50 %.

Cleachtas fíoneolaíoch

Uisciú

Cineál an chleachtais fhíoneolaíoch

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Tuairisc

Féadfar uisciú ina n-úsáidtear córas silte a údarú i gcomhréir le hAirteagal D. 645-5 den Chód um Ghnóthaí Tuaithe agus um Iascaireacht Mhuirí i gcás strus uisce a d'fhéadfadh cáilíocht an táirgthe fíona a chur i mbaol.

7.2. *Uastáirgeacht*

Gach fíon / catagóir / cineál / cineál

Fíonta socra geala

Uastáirgeacht

Uastáirgeacht:	72
Aonad uastáirgeachta:	heictilítear in aghaidh an heicteáir

Gach fíon / catagóir / cineál / cineál

Fíonta socra dearga agus fíonta scora *rosé*

Uastáirgeacht

Uastáirgeacht:	66
Aonad uastáirgeachta:	heictilítear in aghaidh an heicteáir

8. **Léiriú ar an gcineál nó cineálacha fíonchaor óna dtáirgtear an fíon nó na fíonta**

— Cabernet Franc N

— Gamay N

— Gamay de Bouze N

— Gamay de Chaudenay N

— Merlot N

— Pinot Noir N

— Sauvignon B - Sauvignon blanc

— Sauvignon gris G - Fié gris

9. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach sainithe**

1. *Limistéar geografach*

Buantar na fíonchaora agus déantar agus forbraítear na fíonchaora sna bardais seo a leanas, ar bhonn Chód Geografach Oifigiúil 2025:

— Roinn Deux-Sèvres: Doux.

— Roinn Vienne: Amberre, Avanton, Beaumont Saint-Cyr, Chabournay, Champigny en Rochereau, Cherves, Chouppes, Cissé, Coussay, Craon, Cuhon, Dissay, Jaunay-Marigny, Lencloître, Maisonneuve, Massognes, Mirebeau, Neuville-de-Poitou, Saint-Georges-lès-Baillargeaux, Saint-Martin-la-Pallu**,** Thurageau, Vouzailles, Yversay.

2. *Limistéar dáileachta talún críochaithe*

Ní mór na fíonta a dhéanamh as fíonchaora a fhástar ar dháileachtaí talún atá lonnaithe sa limistéar táirgeachta arna bhformheas ag an Institiúid Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta (INAO) ag cruinnithe an choiste náisiúnta ábhartha an 16 Samhain 2010 agus an 8 Meitheamh 2016.

Cuireann INAO na léarscáileanna lena mbunaítear teorainneacha dháileachtaí talún an limistéir táirgeachta arna bhformheas amhlaidh faoi bhráid hallaí baile na mbardas atá liostaithe in 1. thuas.

10. **Nasc leis an limistéar geografach**

Catagóir an táirge fíniúna:

1. Fíon

Achoimre ar an nasc

Suite gar do 'Seuil du Poitou', a léiríonn an t-aistriú idir imchuach Pháras agus imchuach na hAcatáine, is é an limistéar geografach an chuid is faide ó dheas de réigiún fíonóireachta 'Val de Loire'.

Is ardchlár droimneach é an limistéar geografach ag a bhfuil airde idir 80 agus 120 méadar, a bhfuil go leor cnoic bheaga ag a bhfuil airde uasta thart ar 150 méadar ann. Ritheann roinnt sruthchúrsaí trasna an ardchláir sin agus múnlaíonn siad an rilíf. Mar léiriú ar an mbreathnóireacht agus ar an anailís a rinne fíonsaothróirí ar iompraíocht a bhfíniúnacha chun an suíomh ceart le haghaidh na bhfíonghort a chinneadh, cuimsíonn an limistéar dáileachta talún críochaithe le haghaidh bhuain na bhfíonchaor na dáileachtaí talún is fabhraí, arna roinnt de réir an chineáil ithreach:

— ithreacha donna cré-aolchloiche, ar a dtugtar '*terres de groies*', atá draenáilte go maith, téite agus tirim go maith san earrach agus a sholáthraíonn uisce leordhóthanach ach measartha do na fíniúnacha, agus tá na scoilteanna sa charraig fholuiteach fabhrach do fhréamhú domhain;

— Ithreacha '*varenne*', a gceadaíonn a n-uigeacht ghainmheach draenáil nádúrtha mhaith agus fás fíniúnacha luatha;

— '*terres d'aubues*', ithreacha atá suite go minic ar fhánaí géara, atá an-fhabhrach do fhréamhú domhain na bhfíniúnacha agus a fhágann nach bhfaigheann an fréamhchóras ach fíorbheagán den uisce atá san ithir, rud a chiallaíonn gurb ann do strus measartha uisce atá fabhrach go háirithe d'aibiú na bhfíonchaor.

Éiríonn go maith le cineál Cabernet Franc N go háirithe in ithreacha '*peitites groies*' agus '*terres d'aubues*', agus faightear sna dálaí sin na bunghnéithe atá fíor-riachtanach dá aibiú ilbhliantúil. Cuireann sé blúire datha leis na fíonta *rosé* agus cuireann sé lena gcastacht. Tá struchtúr maith tainniní ag na fíonta a tháirgtear uaidh freisin agus forbraíonn siad dea-bholaithe láidre torthaí aibí. Is iad cnámh droma na bhfíonta dearga iad, agus is iad a bhíonn in 60 % ar a laghad de chumasc na bhfíonta sin.

Is gnách go gcuirtear cineálacha Sauvignon B agus Sauvignon Gris G in ithreacha '*grosses groies*', agus is fíonta bláthacha, úra agus úrnua iad na fíonta a tháirgeann siad. Tá maothlachas agus éagsúlacht aramatach le brath ar an gcumasc mar gheall ar na cineálacha eile.

I gcaitheamh na nglúnta, d'éirigh le hoibreoirí cáilíochtaí bunaidh an mhéid a tháirgeann siad a bhaint amach, ar thaobh amháin, trí chineálacha fíniúna a roghnú a mbíonn rath orthu sna dálaí nádúrtha agus a bhforbraíonn a n-acmhainneacht aramatach, agus, ar an taobh eile, trí bhainistiú optamach a dhéanamh ar na fíniúnacha agus ar a n-acmhainneacht táirgthe, a bhaintear amach trí threorú cúramach fíniúnacha agus rialacha diana prúnála.

Tacaíonn fuinnimh agus saineolas na dtáirgeoirí, mar aon lena gceangal traidisiúnta lena dtírdhreach fíonsaothrúcháin leis an gclú atá ar an réigiún ársa fíonsaothrúcháin seo, clú a raibh tionchar ag an ngéarchéim fiollocsaeire air ach a bhfuil méadú tagtha air ó bhí na 1980í ann. Sampla maith den fhuinneamh sin is ea an cheardchuallacht fíona '*Tire-Douzils*', a bunaíodh in 1953 agus atá fós gníomhach in 2025, arb é is cuspóir di feasacht agus tuiscint ar fhíonta 'Haut Poitou' a mhúscailt. Mar a scríobh Jules Guyot ina shaothar '*Etude des vignobles de France*' (Ed. Jeanne Laffitte, 1876):

'*Tá aeráid Vienne an-mhaith d'fhíniúnacha: beagán fuar agus fliuch san earrach, beagán te sa samhradh, is minic a bhíonn sioc ann amach sa séasúr, ach, mar thoradh air sin, bíonn cáilíochtaí áirithe ag an bhfíon nach bhfeictear in áiteanna eile. Tugann aeráidí fionnuara fíneáltacht do na fíonchaora agus do gach toradh eile nach bhfaighfeá i limistéir ina bhfuil sé te go buan agus ina gcuireann an teas isteach ar an bhfásra*'.

11. **Tuilleadh ceanglas is infheidhme**

Teideal an cheanglais/an mhaolaithe

Rialacha maidir le lipéadú

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an cheanglais bhreise / an mhaolaithe breise

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gceanglas/ar an maolú

Marcáiltear na téarmaí roghnacha uile ar na lipéid i litreacha nach ceadmhach iad a bheith níos mó, ar airde nó ar leithead, ná dhá oiread mhéid na litreacha lena gcruthaítear ainm an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint.

Ní bheidh méid na litreacha den ainmniúchán geografach 'Vin de Loire', níos mó, ar airde ná ar leithead, ná dhá thrian de mhéid na litreacha lena scríobhtar ainm an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint.

Má tá ainm an chineáil le feiceáil ar an lipéadú, scríobhtar é faoi ainm an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint, i litreacha ar an dath céanna agus nach mó iad, ar airde ná ar leithead, ná dhá thrian de mhéid na litreacha lena gcruthaítear ainm an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint.

I gcás fíonta lena ngabhann an t-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint, féadfar aonad geografach níos lú a shonrú ar a lipéid, ar choinníoll gurb amhlaidh an méid seo a leanas:

— is suíomh cláraithe é;

— tá sé le feiceáil ar an dearbhú buainte.

Ní fhéadfadh na litreacha a úsáidfear chun ainm na háite a phriontáil a bheith níos mó, ar airde ná ar leithead, ná leath de mhéid na litreacha ina scríobhtar ainm an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint.

Teideal an cheanglais/an mhaolaithe

Limistéar díreach in aice láimhe

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an cheanglais bhreise / an mhaolaithe breise

Maolú maidir le táirgeadh sa limistéar geografach sainithe

Tuairisc ar an gceanglas/ar an maolú

Cuimsítear sa limistéar díreach in aice láimhe, arna shainiú ag maolú maidir le déanamh agus táirgeacht na bhfíonta, críoch na mbardas seo a leanas de roinn Vienne, bunaithe ar an gCód Geografach Oifigiúil a bhí i bhfeidhm in 2025: Colombiers, Ouzilly, Scorbé-Clairvaux.

I gcomhréir le hAirteagal 5(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún, comhfhreagraíonn an limistéar atá díreach in aice láimhe do limistéar atá díreach in aice leis an limistéar críochaithe atá i gceist.

Tagairt leictreonach (URL) d'fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://info.agriculture.gouv.fr/boagri/document_administratif-95737c0d-e43c-46a7-a2ef-6bb9ddad2c05